Comhairle Chathair Dhoire agus
Cheantar an tSratha Báin

Derry City & Strabane District Council
Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Stràbane Destrick Cooncil

# Gaeilge & Fáilte

## An 7ú Eagrán

BEALTAINE 2025




www.derrystrabane.com

# Fáilte

Derry City & Strabane District Council
Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Stràbane Destrick Cooncil

**Tá fáilte romhat chuig Gaeilge & Fáilte - nuachtlitir Ghaeilge Chomhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin. Sa nuachtlitir seo gheobhaidh tú eolas maidir le Seirbhísí Gaeilge na Comhairle mar aon le heolas faoi imeachtaí atá ag tarlú i saol na Gaeilge fud fad an cheantair Chomhairle.**

San eagrán seo den nuachtlitir, caithfidh muid súil siar ar na himeachtaí a tharla le míonna beaga anuas agus ar an cheiliúradh iontach a bhí againn do Sheachtain na Gaeilge 2025. Chomh maith leis sin roinnfidh muid eolas ar na himeachtaí Gaeilge atá beartaithe do na míonna atá romhainn ní amháin ag an Chomhairle í féin ach ag pobal na Gaeilge fud fad an cheantair Chomhairle chomh maith.

Bainigí sult!

## Déan Teagmháil Linn

**Ríomhphost:** gaeilge@derrystrabane.com
**Guthán:** 028 71 376 579 (Líne Ghaeilge)
**Facebook:** facebook.com/foramphobalnagaeilge
**Twitter:** twitter.com/foramphobal

www.**derrystrabane.com/gaeilge**



# déan teagmháil linn

## Seirbhísí Gaeilge na Comhairle

Cuireann Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin réimse seirbhísí ar fáil do phobal na Gaeilge.  Mar chuid de na seirbhísí seo, is féidir teagmháil a dhéanamh linn as Gaeilge trí ríomhphost a chur chugainn i nGaeilge, Gaeilge a labhairt linn nuair a chuireann tú scairt orainn, iarratas a dhéanamh le do shráidainm nó ainm do bhóthair a fháil i nGaeilge, foirmeacha agus iarratais a chomhlánú i nGaeilge, mar aon le réimse leathan seirbhísí Gaeilge eile.

Má tá seirbhís uait i nGaeilge déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge, Erin Hamilton, ar an líne Ghaeilge: (028) 71376 579 nó seol ríomhphost chuig **gaeilge@derrystrabane.com**. Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ar an fhoirm theagmhála atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin anseo: https://www.derrystrabane.com/gaeilge.

Chomh maith leis sin, má tá seirbhís uait nach bhfuil ar fáil faoi láthair, déan teagmháil linn.

# Torthaí an tSuirbhé ar Sheirbhísí Gaeilge na Comhairle




Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach uile duine a chomhlánaigh an suirbhé ar Sheirbhísí Gaeilge na Comhairle. Tá muid thar a bheith sásta leis na torthaí agus an aiseolas fíorfhiúntach a fuarthas chomh maith leis na moltaí feabhais agus forbartha a rinneadh sa suirbhé. Tugann an t-eolas seo deis dúinn na Seirbhísí Gaeilge a chuireann muid ar fáil a fhorbairt chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar na hardáin a n-úsáideann muid le heolas a roinnt leis an phobal agus aon bhearnaí sna Seirbhísí a aithint.

Tá torthaí an tsuirbhé ar fáil thíos:

- Dúirt **95%** de na daoine a d'úsáid na seirbhísí Gaeilge roimhe go raibh siad iontach sásta nó sásta leis an tseirbhís.
- Dúirt **100%** de na daoine a ceistíodh go mbainfeadh siad úsáid as na seirbhísí arís agus dúirt **100%** de na daoine a ceistíodh go molfadh siad na seirbhísí le daoine eile chomh maith.
- Chomh maith leis sin, d'fhiafraigh muid ó dhaoine cén ardán is fearr leo eolas a fháil uainn agus dúirt **40%** de na daoine a ceistíodh gur fearr leo eolas a fháil ón Chomhairle trí ríomhphost.
- Dúirt **21%** gur fearr leo eolas a fháil ón Chomhairle tríd an Nuachtlitir agus dúirt **11%** gur fearr leo eolas a fháil ar na meáin shóisialta.

Má tá tuilleadh eolais de dhíth, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Gaeilge ar: **gaeilge@derrystrabane.com**





# Eolaire Ranganna Gaeilge

Tá réimse leathan ranganna Gaeilge ar fáil fud fad ár gceantair Chomhairle ag freastal ar gach leibhéal cumais sa Ghaeilge. Tá eolaire ranganna Gaeilge curtha le chéile ag an Oifigeach Gaeilge a bhfuil sonraí faoi na ranganna ar fad sa cheantar ar fáil.

Más mian leat an t-eolaire seo a fháil nó leis an eolas a scaipeadh ar dhaoine nó ghrúpaí atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim, is féidir ríomhphost a chur chuig an Oifigeach Gaeilge ar: **gaeilge@derrystrabane.com** nó scairt a chur ar: **028 71 376 579**.

Nó má tá rang Gaeilge á chur ar fáil agat, is féidir sonraí na ranganna a sheoladh chuig an Oifigeach Gaeilge le bheith curtha san áireamh ar an eolaire.

# Seachtain na Gaeilge 2025

Bhí ceiliúradh iontach againn arís i mbliana do Sheachtain na Gaeilge 2025. Bhí clár lán imeachtaí curtha le chéile ag Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin agus bhí lúcháir orainn an clár a sheoladh leis an Mhéara Lilian Seenoi Barr i bParlús an Mhéara i nDoire ag deireadh mhí Feabhra.




# Scrúdú an Fháinne

Cuireann an tOifigeach Gaeilge ranganna Gaeilge ar fáil gach seachtain do na fostaithe sa Chomhairle agus mar chuid den chlár do Sheachtain na Gaeilge 2025, bhain 3 fostaithe an gradam Cúpla Focal amach ar an 7ú Márta. Tá muid iontach bródúil as na fostaithe seo agus iad ag forbairt a gcuid Gaeilge. Nach iontach iad!




# Lúcháir Leabhar 2025

Bhí lúcháir an domhain orainn fáilte a chur roimh Ola Majekodunmi agus Eoghan Hegarty ó Fighting Words go Halla na Cathrach i nDoire ar Lá Domhanda na Leabhar 2025. D'oscail an Méara Lilian Seenoi Barr an cheardlann agus chuir Ola agus Eoghan seisiún iontach ar fáil do dhaltaí ó Ghaelscoil na Daróige, Ghaelscoil Éadain Mhóir agus Bhunscoil Cholmcille agus bhí scéal iontach cumtha ag na daltaí ar fad ag deireadh an tseisiúin. Bronnadh beart leabhar ar gach scoil ar an lá chomh maith agus tugadh spreagadh do na daltaí a samhlaíochtaí iontacha a úsáid lena scéalta féin a chumadh agus a scríobh as Gaeilge amach anseo. Is réaltaí iad!



## Léigh is Plé: Súile Éisc agus Scéalta Eile le Michelle Nic Pháidín




Chuir muid fáilte roimh an iriseoir agus scríbhneoir aitheanta Michelle Nic Pháidín chuig Amharclann na Caolsráide ar an Srath Bán ar an 11ú Márta. Chuir Michelle rogha léamha i láthair bunaithe ar a bailiúchán gearrscéalta; Súile Éisc agus Scéalta Eile agus bhí deis ag an lucht éisteachta téamaí éagsúla sna scéalta a phlé leis an údar. Thug Michelle léargas iontach don lucht éisteachta ar ionspioráid na scéalta agus a saol ag fás aníos i nGaoth Dobhair.

## Blaschúrsa Gaeilge

Tugadh deis iontach d'fhostaithe Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin i rith Sheachtain na Gaeilge blaiseadh a fháil ar an Ghaeilge agus cúpla focal a fhoghlaim le Foireann Teangacha na Comhairle. Rinne na rannpháirtithe sáriarracht na frásaí úra a chleachtadh le linn an tseisiúin agus spreagadh iad le leanstan ar aghaidh le foghlaim na teanga amach anseo.



# Tionscadail agus Ceardlanna do na Gaelscoileanna Áitiúla

Tugann Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin tacaíocht d'eagraíochtaí éagsúla le ceardlanna dátheangacha nó lán-Ghaeilge a chur ar fáil (ar bhonn iarratais) sna Gaelscoileanna áitiúla. Is seirbhís ar leith í seo gur féidir leis an Oifigeach Gaeilge a chur ar fáil do na Gaelscoileanna sa cheantar Chomhairle.

Le húsáid a bhaint as an tseirbhís seo, ní mór don scoil nó don eagraíocht féin iarratas a dhéanamh ar an Chomhairle le tacaíocht teanga a fháil chun ceardlann dhátheangach a chur i láthair, éascaithe ag an Oifigeach Gaeilge.

Cé go ndéanfaidh muid iarracht freastal ar gach iarratas, ní mór don scoil nó don eagraíocht teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Gaeilge ar dtús, ionas gur féidir na féidearthachtaí a phlé. Is deis iontach iad na tionscadail seo a thugann léargas iontach do na daltaí ar na deiseanna agus na féidearthachtaí iontacha atá ar fáil fud fad saol na Gaeilge. Chuige seo d'oibrigh an Chomhairle i gcomhpháirt le heagraíochtaí ar nós an RSPB, an Chros Dhearg agus le Sustrans chun ceardlann dátheangach a chur ar fáil dár nGaelscoileanna agus an chuspóir atá againn ná eagraíochtaí a spreagadh le freastal níos fearr a dhéanamh ar ár n-earnáil Ghaeloideachais sa cheantar. Tuilleadh eolais: **gaeilge@derrystrabane.com**



# Caint le Coláiste Chnoc na nDealg

Ba mhór an onóir d'Fhoireann Teangacha na Comhairle cuairt a thabhairt ar Choláiste Chnoc na nDealg i mí Eanáir le labhairt leis na daltaí Gaeilge ansin faoi na deiseanna agus gairmeacha atá ar fáil dóibh i saol na Gaeilge.  Bhí plé suimiúil agau fiúntach againn leis na daltaí maidir le saol na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge taobh amuigh de shaol na scoile chomh maith agus guíonn muid gach rath orthu agus iad i mbun a scrúduithe Gaeilge faoi láthair.

Má tá suim agat caint mar seo a chur ar fáil i do scoil féin, nó tuilleadh eolais a fháil faoin tseirbhís seo déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge ar an líne Ghaeilge: (028) 71376 579 nó seol ríomhphost chuig **gaeilge@derrystrabane.com**




# Fóram

## Phobal na Gaeilge

Tagann Fóram Phobal na Gaeilge le chéile gach ráithe le cúrsaí forbartha teanga a phlé. Tugtar cuireadh d'eagraíochtaí, ghrúpaí agus dhaoine aonair a bhfuil suim acu dul i mbun plé faoin Ghaeilge, dheiseanna comhoibre agus faoi cheisteanna straitéiseacha agus forbartha teanga bheith i láthair.

Beidh an chéad cruinniú eile de chuid an Fhóraim ag tarlú Dé Céadaoin 4ú Meitheamh 2025 ar 2:30 pm i Halla na Cathrach i nDoire. Ní mór duit clárú leis an Oifigeach Gaeilge gaeilge@derrystrabane.com nó cuir scairt ar an líne Ghaeilge ar: 028 71 376 579.

# I mBéal an Phobail

**Más mian leat ábhar scéil a mholadh don chéad nuachtlitir eile, nó má tá scéal agat féin a ba mhaith leat a fhógairt bíodh fáilte romhat an t-eolas a chur chuig gaeilge@derrystrabane.com nó déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge ar an Líne Ghaeilge T: 028 71 376 579.**

**Tá an Nuachtlitir seo ar fáil i bhformáidí éagsúla lena n-áirítear cló mór, braille, formáidí fuaime (CD, MP3, DAISY) agus mionteangacha. Tuilleadh eolais faoi fhormáidí eile:**

**guthán: 028 71 253253**
**nó**
**ríomhphost: equality@derrystrabane.com**